

Gaeloideachas



Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Ráiteas Straitéise 2021 – 2023

Aighneacht chuig An Roinn Oideachais, 13 Samhain 2020

Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid An Roinn Oideachais ag freagairt do chuireadh ar aighneachta maidir le *Ráiteas Straitéise 2021 – 2023, An Roinn Oideachais*.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aighneacht a chur chuig an Roinn, agus ach go háirithe mar a bhaineann le hearnáil na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Sprioc 1: Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí a fheabhsú

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

D'fhorbairt agus inbhuanaitheacht an Oideachais Lán-Ghaeilge, is í an príomhthosaíocht straitéiseach a mholann Gaeloideachas ná go bhforbrófaí **Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge ó earnáil na luathbhlianta suas go hiar-bhunscoileanna**, polasaí a d'fhógair an tArd-Rúnaí mar bheart a bhfuil i gceist ag an Roinn Oideachais tabhairt faoi.

Ag tógáil ar eiseamláir an Pholasaí Oideachais Gaeltachta (POG), go gcuirfí tús le plé oifigiúil ag leibhéal na Roinne Oideachais faoi fhorbairt polasaí stáit don oideachais lán-Ghaeilge, a chuimseodh **fís agus beartas comhaontaithe ó leibhéal na luathbhlianta go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge** trí guth, cur chuige agus comhairle comhaontaithe ó na Ranna agus ó na soláthróirí seirbhísí a bhíonn ag plé le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, agus naíonraí. Chuimseodh an Polasaí seasamh trasrannach na RO / Roinn Leanáí i leith sainréimsí mar aon le cuspóirí straitéiseacha. Tá páipéar comhairleach ullmhaithe agus pléite ag Gaeloideachas leis an Roinn ar an gceist seo agus táimid ag súil go mór le comhoibriú leis an Roinn ag forbairt na moltaí atá ann.

Le hiomlánú a dhéanamh ar an tírdhreach don oideachas trí mheán na Gaeilge, ba ghá iomlánú ar na gealltanais atá tugtha sa POG, agus go mbeadh an dá pholasaí ag tacú lena chéile chun críche córas oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht atá dílis don tírdhreach teangeolaíoch ina bhfuil siad.

Ó thaobh an oideachais Gaeltachta:-

- níor mhór soiléiriú faoi céard atá beartaithe i ndiaidh 2022 agus an Scéim Aitheantais Teanga (SAT) reatha thart.
- An mbeidh athbhreithniú á dhéanamh ar an SAT agus tréimhse nua den POG á fhógairt?
- Agus meastóireacht An Fhoras Teanga Oideachais & na Cigireachta foilsithe, tá sé tábhachtach go gcuirfí aon mholtaí ó thaobh feabhsúcháin/cur leis an bPolasaí I bhfeidhm.
- Tá sé riachtanach go gcoinneofaí na Múinteoirí Tacaíochtaí Teanga chun go leanfaí le rath chur I bhfeidhm an luath-thumoideachais.

Luaigh trí mhórghníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

1. Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge, mar atá thuas.
2. Iomlánú agus leanúint le tacaíochtaí sa POG, ar a n-áirítear teiripeoirí saothair, fisiteiripeoirí agus síceolaithe le Gaeilge agus atá inniúl agus thuisceanach faoin suíomh Gaeltachta. Ní mór mapa bóthair soiléir a bheith ann do leanúnachais an pholasaí agus an scéim reatha thart.
3. Soláthar Iarbhunscóileanna trí mheán na Gaeilge Próiseas:-
 - a. Cuireann an próiseas reatha pátrúnachta don Iarbhunleibhéal bac ar fhorbairt an oideachais lán-Ghaeilge. Tá an córas atá ann in oiriúint don mhóramh seachas ina chóras a thacaíonn le daltaí a theastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu ag an Iarbhunleibhéal. Níl an cur chuige atá in úsáid ag an ROS ag teacht le réadú bheartais an Stáit i leith leathadh an dátheangachais sa tsochaí.
 - b. Sa chóras reatha, agus i súile na Roinne dá réir, is ionann aonad agus soláthar Iarbhunoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Níos measa ná sin, aithnítear nach gá go mbeadh tumoideachas iomlán i gceist leis.
 - c. Chun tacú leis na haonaid atá ann, tá géarghá le Polasaí Aonad lán-Ghaeilge. Tá múnla an aonaid leochaileach, agus tá baol ann d'Inmharthanacht an tsoláthair agus droch-cháil ar an múnla (agus ar an ngaeloideachas, fiú) dá réir. Molann Gaeloideachas go ndéanfaidh an Roinn Oideachais polasaí Gaeloideachas a ghlacadh ar bord go hoifigiúil le go mbeadh cearta agus teidlíochtaí an scoláire oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil ag croílár an pholasaí, mar aon le freagrachtaí na bpáirtithe éagsúla (an pátrún, Bord Bainistíochta, Príomhoide, Múinteoir i bhfeighil, etc.).
 - d. Lárnach den Pholasaí Oideachais Lán-Ghaeilge, mar atá sa chéad freagra thuas, bheadh sé riachtanach go mbeadh fíis na Roinne sainithe don soláthar ag an Iarbhunleibhéal – mar shampla, cén brí a bhaineann le héileamh leordhóthanach chun go mbeadh scoil neamhspleách ann? Cén chaoi a dhéanfar freastal ar mhianta dhaoine d'oideachas lán-Ghaeilge & Gaeltachta ag an Iarbhunleibhéal?

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

I gcás soláthar scoileanna Iarbhunleibhéil, bheadh polasaí agus fíis shoiléir chomhaontaithe ann maidir le hoideachas lán-Ghaeilge ag an Iarbhunleibhéal – le sainiú déanta ar fhíis, cur chuige agus réimsí tacaíochta chun an fhíis seo a bhaint amach. Faoi mar a sheasann sé, do thuismitheoirí atá ag iarraidh oideachas lán-Ghaeilge mar rogha sainmheon scoile in aon phróiseas pátrúnachta do scoileanna nua, níl muinín acu as an gcóras reatha de bharr go bhfuil sé ag tacú le rogha an mhóraithe, rud a chuireann an Ghaeilge, mar mhiontheanga sa phobal ach mar chéad theanga oifigiúil na tíre seo, as an áireamh.

Agus Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge ann ó earnáil na luathbhlianta suas go hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge, bheadh an t-infreastruchtúr tacaíochta atá de dhíth ó leibhéal na naíonraí suas sa turas scolaíochta ann agus bheadh córas náisiúnta láidir tumoideachais sa tír seo. Thabharfadh sé treoir shoiléir do mhúinteoirí maidir leis an gcóras agus na tacaíochtaí, agus thabharfadh sé cinnteacht do thuismitheoirí agus daltaí na tíre maidir le rogha ceart tumoideachais a bheith ar fáil dóibh. Dhéanfaidh sé freastail ar an éileamh sa phobal don oideachas trí mheán na Gaeilge (23% de réir an ESRI).

An uair go mbeidh athbhreithniú curtha I gcrích agus moltaí chun feabhais aitheanta sa POG, beidh eispearas foghlama agus teagasc den chéad scoth curtha ar fáil do na mílte dalta Gaeltachta.

Maidir le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal chiallódh sé go mbeadh plean comhtháite maidir le múineadh na teanga don chéad uair ó a bunaíodh an Stáit le dréimire idir gach leibhéal den chóras.

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d'eagraíocht?

Tá tús curtha le plé idir Gaeloideachas agus an Roinn Oideachais ar fhorbairt pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge agus tá tacaíocht an Ard-Rúnaí tugtha dá fhorbairt, rud a fháiltíonn muid go mór leis thar ceann na hearnála. Tá Gaeloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt ar an ábhar mar an príomhpháirtí leasmhar sa réimse seo thar ceann na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal.

I dtaobh forbairt Polasaí Aonaid lán-Ghaeilge, tá Gaeloideachas ag plé na ceiste seo leis an Roinn le blianta fada agus polasaí molta curtha faoina mbráid. Rinneamar athbhreithniú ar an bpolasaí agus cuireadh an leagan sin faoi bhráid na Roinne le linn 2019. Tá an polasaí reatha de chuid Gaeloideachas faofa ag Coiste Comhairleach na nAonad – scáthghrúpa na nAonad agus na n-eagraíochtaí leasmhara a bhunaíodh Gaeloideachas 2 bhliain ó shin.

Is mian le Gaeloideachas go ndéanfaidh an Roinn an polasaí a chuireamar faoina mbráid a mheas, a aithint go hoifigiúil agus plean gnímh a fhorbairt dá réir. Faoi láthair, níl aon chaighdeánú ann ó thaobh na dtacaíochtaí atá á gcur ar fáil ó aonad go haonad, rud atá míchothrom agus neamh-inbhuanaithe.

Is tosaíocht sa ghearrthéarma é an leasú ar an bpróiseas bunaithe iarbhunscoile chun éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge a bheith mar fhíor-rogha macánta. Ní mór a aithint nach ionann aonad agus rogha tuismitheora ar oideachas lán-Ghaeilge. Ar aon dul le tuismitheoir a roghnaíonn scoil Bhéarla, ní bheadh sé inghlactha an dalta a chur isteach i sruth Béarla de chuid iarbhunscoil Ghaeilge, agus a bheith ag súil leis go mbeadh an dalta sásta leath de na hábhair a dhéanamh trí Ghaeilge mar nach raibh dóthain múinteoirí ann chun teagasc trí Bhéarla.

Tá Gaeloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt agus feidhmiú go gníomhach ar choiste comhairleach faoi aon cheann de na mórcheisteanna thuas.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Tá aontú cheana féin i measc na n-eagraíochtaí leasmhara san earnáil lán-Ghaeilge / oideachas trí mheán na Gaeilge ar an bhfís agus an riachtanas a bhaineann le:-

- polasaí don oideachas lán-Ghaeilge, arna chomhordú ag Gaeloideachas
- polasaí d'fhorbairt na nAonad, arna chomhordú ag Gaeloideachas
- polasaí do theagasc na Gaeilge, arna chomhordú ag Conradh na Gaeilge
- polasaí oideachas Gaeltachta láidir a thógann ar láidreachtaí na scéime reatha agus a aithníonn na réimsí riachtanach chun feabhais.

Is saibhrede na planála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Spríoc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Sa Réimse DEIS

- go mbeadh gach scoil DEIS atá ag feidhmiú trí Ghaeilge eolach agus feasach faoi na dea-chleachtais i réimsí an tumoideachais sa treo is go mbeadh cur chuigí taithebhunaithe agus taighdebhunaithe á gcur i bhfeidhm chun leasa na scoile agus na ndaltaí.
- go ndéanfaí athbhreithniú ar mheasúnaithe síceolaíochta i SLG DEIS, go gcuirfí in oiriúint iad don chomhthéacs agus do riachtanais na ndaltaí agus go mbeadh na measúnaithe dátheangach ar a laghad.

Sa réimse RSO:

- Oiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus conas plé go héifeachtach agus go proifisiúnta trí mheán na Gaeilge le páistí dátheangacha le go bhfaighidh siad an tacaíocht chuí/measúnú cuí déanta ina dteanga dhúchais nó ina dteanga foghlama. Ardaítear ceisteanna eitice i leith chearta teanga an scoláire nuair a sháraítear é seo.
- Uirlisí diagnóisíocha atá in oiriúint don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bheith ar fáil
- Acmhainní atá ar chomhchaighdeán agus ag leibhéal cuimsitheach don dalta sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- Ní mór tosaíocht a thabhairt do thaighde dhúchasach ar an gceist agus fianaise eolaíoch a bheith ar fáil do thuismitheoirí ina leith.
- Ní mór don CNOS treoracha soiléire a eisiúint do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta maidir le bunú ranganna speisialta, ag aithint éiteas teangeolaíochta na scoileanna sin.
- go gcuirfí an oiliúint inseirbhíse chuí ar mhúinteoirí tacaíochta foghlama chun iad a chumasú lena gcuid dualgas de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.
- Tá an-easnamh ann ó thaobh oiliúint chuí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta chun feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge.

Luaigh trí mhórghníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

Moltar go bhforbrófaí cúrsa FETAC leibhéal 5/6 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta ach go mbeadh modúil nó, clár iomlán atá dírithe ar an gcóras lánGhaeilge agus Gaeltachta.

Ní mór seirbhísí urlabhra agus teanga a bheith ar fáil i dteanga dhúchais an linbh / teanga na scoile.

Ní mór don RO tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO, ar a n-áirítear oiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas - má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difriocht a bheidh le sonrú?

Seirbhísí den chéad scoth a bheith ar fáil do pháistí faoi mhíbhuntáiste, agus páistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun críche ardmhuinín a bheith i measc múinteoirí agus tuismitheoirí faoi chumas an chórais freastal go cothrom agus go huilechuimsitheach ar gach páiste.

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d'eagraíocht?

Ardú feasachta ar bhuanas agus oiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do pháistí le gach réimse riachtanais, ach na buntacaíochtaí a bheith curtha ar fáil dóibh ón Roinn agus ó na soláthreoirí seirbhíse oideachais agus sláinte uile.

Forbairt acmhainní tacaíochtaí RSO don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a fhreastalaíonn ar riachtanais an pháiste dátheangach / an cainteoir dúchais Gaeilge / an suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá Gaeloideachas i ndiaidh taighde a choimisúnú ar an ábhar seo agus beidh na torthaí luachmhar don Roinn, don Foras Taigde Oideachais agus do na soláthreoirí seirbhísí do dhaltaí le RSO. Tá súil againn a bheith in ann iad a fhoilsiú sa samhradh 2021. Teideal na tionscadail taighde: *Anailís ar na hacmhainní reatha teagaisc agus foghlama do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun críche oiriúnacht; soláthar cuí agus easnaimh a aithint. Cuimsítear san anailís uirlisí measúnachta agus diagnóise ar raon leathan riachtanais oideachais bhreise.*

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Is saibhrede na pleanála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comhtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Sprioc 3: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach.

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

1. Soláthar múinteoirí – cuireann an bearna sa soláthar mhúinteoirí brú an-mhór ar scoileanna agus iad ag iarraidh an curaclam a theagasc go héifeachtach, anuas ar éiteas teanga na scoile lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta a chosaint. Tá an-ghanntanas ann de mhúinteoirí le caighdeán cuí, idir líofacht agus cruinneas, le feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge nó Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal.
2. Chabhródh sé go suntasach dá mbeadh múinteoir breise sna bunranganna in a bhfuil an córas luath-thumoideachais ag feidhmiú iontu, ar aon dul leis na tacaíochtaí sa pholasaí don oideachas Gaeltachta.
3. Go bhfeidhmeofaí na moltaí sa tuarascáil athbhreithnithe mar a bhaineann le *Scéim na gCúntóirí Teanga*.
4. Ní mór go mbeidh oiliúint agus cáilíocht chuí ag príomhoidí nua sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta sa réimse oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
5. Treoirlínte dea-chleachtais do mhúinteoirí ar fheidhmiú an luath-thumoideachais agus an tumoideachais sa suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
6. Maidir le seirbhísí seachtracha:-
 - Oiliúint ar shíceolaithe ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
 - Teachtaireacht ón mbarr anuas nach ionann aistriúchán go Gaeilge agus seirbhís atá in oiriúint do riachtanais an chórais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
 - Seirbhísí seachtracha a bheith i gcónaí i dteanga na scoile.
7. Leaganacha Gaeilge go comhuaineach d'ábhar, acmhainní, eolas ar sheirbhísí go háirithe iad siúd atá riachtanach do scoileanna feidhmiú go héifeachtach i dteanga oibre na scoile agus na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil dá scoláirí agus mball foirne.
8. **Coivid 19 :-**
 - a. acmhainní digiteacha ins na hábhair ar fad ag an dá leibhéal á bhforbairt do na scoileanna Gaeltachta/LánGhaeilge
 - b. go bhfaigheadh foirne scoile oiliúint in úsáid na n-acmhainní ar líne
 - c. go neartófaí an infreastruchtúr dhigiteach faoin dtuath/in iarthar na tíre/sna ceantair Ghaeltachta le nach mbeidh daltaí Gaeltachta faoi mhíbhuntáiste má leanann an phaindéim seo i bhfad nó nuair a thiocfaidh ceann eile amach anseo.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

Féach an freagra thuas.

Anuas air sin, agus i gcomhthéacs an oideachais ar oileáin na hÉireann – ag eascairt as moltaí a dhein Gaeloideachas le Coiste Idirannach Tras Rialtais Polasaí Uilechuimsitheach do na hOileáin, moltar-

- d. *Stádas DEIS a bhronnadh ar gach scoil ar na n hoileáin.*
- e. *Deontas caipitíochta ar chomhchéim le scoileanna lánGhaeilge a bhronnadh ar scoileanna Gaeltachta, scoileanna na nOileán san áireamh.*
- f. *An liúntas do mhúinteoirí ar oileán a thabhairt ar ais.*
- g. *Scéim thaistil do mhúinteoirí scoileanna oileán a thabhairt isteach.*

- h. *Chun an réimse soláthar ábhar a mhéadú sna hiar-bhunscoileanna, an soláthar ríomh-mhoil a leathnú chun go mbeidh sé mar ghnáth sholáthar bliantúil do scoileanna ar oileáin.*
- i. *Tacaíocht/dreasacht tithíochta/cíosa/faoiseamh cánach a chur ar fáil do mhúinteoirí ar spéis leo cur fúthu go fadtréimhseach ar oileáin.*
- j. *Socruithe oiriúnacha taistil & lóistín a chur i bhfeidhm le go mbeidh sé níos tarraingtí do mhúinteoirí ionadaíocha agus tacaíochta fostaíocht a fháil ar na hoileáin.*

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d’eagraíocht?

Tá Gaeloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt agus feidhmiú go gníomhach ar choiste comhairleach faoi aon cheann de na mórcheisteanna thuas.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Is saibhrede na pleanála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comhtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Sprioc 4: Droichid níos láidre a chothú idir an t-oideachas agus an pobal níos leithne

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Próiseas comhairliúcháin d’iarbhunscoileanna nua a bheith curtha in oiriúint do mhianta thuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.

Eolas oibiachtúil, trédhearcacha a eisiúint faoi céard is aonad lán-Ghaeilge ann; cé na tacaíochtaí a bhaineann leis agus cén dóchúlacht atá ann go bhforbrófar ina scoil neamhspleách é.

Ranganna speisialta a bhunú i níos mó scoileanna lán-Gaeilge agus Gaeltachta leis an uilechuimsitheacht a chur chun cinn agus cearta an pháiste le RSO a chinntiú; ach na buntacaíochtaí uile a bheith ar fáil, i dteanga an pháiste agus teanga na scoile.

Tacaíocht ón stát don leanúnachas sa chontanam oideachais ón naíonra go bunscoil lán-Ghaeilge. Tá an nasc sin idir an dá institiúid tumoideachais gearrtha ón uair a chuir an Roinn bac ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil ró-éileamh orthu tús áite a thabhairt sa pholasaí iontrála do pháistí ón naíonra. Tá teachtaireacht tugtha do thuismitheoirí dá réir nach bhfuil an luach céanna á chur ar shealbhú teanga sa naíonra a thuilleadh.

Níos mó scoileanna lán-Ghaeilge a bheith ar fáil chun teacht leis an éileamh an-mhór atá orthu. Méadaíonn sé rannpháirteacht an phobail sa chórais oideachais nuair atá sé soiléir go bhfuil an córas oideachais ag freastal ar a gcuid mianta.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

Féach thuas.

Tá Gaeloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt agus feidhmiú go gníomhach ar choiste comhairleach faoi aon cheann de na mórcheisteanna thuas.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Is saibhrede na pleanála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Sprioc 5: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Ní mór buiséad agus struchtúr cuí feidhmiúcháin a aithint agus a fheidhmiú don **Straitéis 20 bliain don Ghaeilge**. Is ábhar éadóchais é a laghad infheistíochta agus tábhachta atá curtha i bhfeidhmiú na straitéise ag leibhéal an Rialtas. Maidir le cur i bhfeidhm *Plean Gníomhaíochta 5-Bliana don Ghaeilge 2018-2022*, is beag atá ann maidir leis an earnáil oideachais lasmuigh den Ghaeltacht. In ainneoin gur straitéis náisiúnta don teanga atá ann, ní bhraitear go bhfuil spriocanna soiléire coincreideacha ann, ná fíis cheart don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Go gcuirfí cúrsa breise iarchéime don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) a chur ar fáil in institiúid oideachais in oirthear na tíre le dul i ngleic leis an ngéarchéim i soláthar mhúinteoirí don earnáil iar-bhunscoile.

Le hionadaíocht ag Gaeloideachas ar an NCSE, braitear go bhfuil guth láidir anois don chéad uair ar chomhairle náisiúnta maidir le RSO san earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá sé riachtanach go mbeadh suíochán ag an tábla ag an earnáil go buan chun an leibhéal comhoibrithe agus tuisceana ar an gcóras a chaomhnú, chun leasa na mílte dalta le RSO sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá Gaeloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt agus feidhmiú go gníomhach ar choiste comhairleach faoi aon cheann de na mórcheisteanna thuas.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Is saibhrede na pleanála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Sprioc 6: Polasaithe fianaise-bhunaithe a chur i bhfeidhm

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

- go mbeadh gach scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta eolach ar na dea-chleachtais i réimsí an tumoideachais sa treo is go mbeadh cur chuigí taithíbhunaithe agus taighdebhunaithe á gcur i bhfeidhm chun leasa na scoile agus na ndaltaí.
- Go mbeadh treoirínite i leith an luath-thumoideachais iomláin eisithe agus go dtiocfadh moladh ón gCigireacht i leith cur i bhfeidhm an 2 bhliain den luath-thumoideachais sna scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht.
- Moltar go ndéanfaí na ciorcláin athbhreithnithe ar dhíolúine ar staidéar ar an nGaeilge a tharraingt siar, mar nach bhfuil siad ag teacht leis an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar oideachas ionchuimsitheach agus i ngeall ar an teachtaireacht diúltach a thugann siad do thuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu maidir le hoideachas lán-Ghaeilge.
- Tá an Bille Iontrála reatha ag cur bac ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do pháistí ó naíonraí ina gcuid polasaithe iontrála. Aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fíorthábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge. Creidimid go bhfuil an chéim seo sa chontanam oideachas agus sóisialú trí Ghaeilge riachtanach. Moltar an reachtaíocht a leasú le gur féidir le páistí ó naíonra a bheith aitheanta mar chritéir iontrála ar mhaithe le leanúnachas sa luaththumoideachas Gaeilge.
- go ndéanfaidh an Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnaithe (CNCM) aon athruithe ar shonraíocht na Gaeilge san Ardteist a chur siar go dtí go bhfuil na hathruithe sa tSraith Shóisearach leabaithe isteach, le seans a thabhairt do mhúinteoirí dul i dtaithí ar na hathruithe suntasacha atá tarlaithe le cúpla bliain anuas agus le deis a thabhairt don CNCM aiseolas ón taithí seo a bhailiú agus a chur san áireamh.
- Nach ndéanfaí Aonad lán-Ghaeilge a bhunú mura mbíonn tumoideachas iomlán ar fáil mar pholasáí agus mar chleachtas, agus sa chás nach mbíonn, go ndéanfar iad a sholáthar mar scoileanna neamhspleácha nó mar scoileanna satailíte faoi chúram iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go mbeidh an stádas neamhspleách bainte amach.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

Tacaíonn Gaeoloideachas leis an dá sprioc sa chlár rialtais:-

Go bhforbrófaí réimsí tacaíochta stáit do dhaltai le RSO atá riachtanais-bhunaithe agus go leathnófaí foirne idirghabháil luath i scoileanna sa chéad cúig bliana eile. Ní mhór áfach a chinntiú gur seirbhísí a bheidh iontu a bheidh tuisceanach agus feiliúnach don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Fáiltítear freisin roimh bhunú rannóg taighde agus polasáí laistigh den Roinn a bheidh freagrach as forbairt pholasaithe atá fianaise bhunaithe, agus a thógann ar na cleachtais is fearr go hidirnáisiúnta.

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d'eagraíocht?

Tá Gaeoloideachas ar fáil lena saineolas a roinnt agus feidhmiú go gníomhach ar choiste comhairleach faoi aon cheann de na mórcheisteanna thuas.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Is saibhrede na pleanála, na bhforbairtí agus an eispéiris teagaisc agus foghlama más ar bhonn comhoibrithe é, ag comhtháthú an saineolas ar an talamh agus an saineolas sna heagraíochtaí tacaíochta.

Tosaíochtaí do Chlár an Rialtais

Cén ionchur is féidir linne a bheith againn maidir le mianta na hÉireann sna príomhréimsí seo a bhaint amach?

Maidir leis an réimse - *Ensuring Plurality and Choice in Education for Students of all religions and none* fáiltítear roimh an gheallúint rogha tuismitheora a neartú ach níl aon tagairt áfach sa mhír seo **d'éagsúlacht teanga** sa phlé ar éagsúlacht. Tá rogha na héagsúlachta á nascadh le rogha de scoileanna le héiteas creidimh éagsúla; gan aon soiléiriú déanta go bhfreastalaíonn na scoileanna lán-Ghaeilge go comhuaineach ar an éagsúlacht sainmheon creidimh agus teanga.

Luaitear an t-oideachas lán-Ghaeilge mar sprioc ann féin ach ní dhéantar comhtháthú air le ceist na héagsúlachtacha agus rogha tuismitheoirí.

Maidir leis an **bpróiseas dífheistithe**, cé go n-aithnímid obair na Roinne sa phróiseas a bhaineann le pleanáil don éagsúlacht i bpátrúnacht scoile, is léir nach bhfreastalaíonn an próiseas ar mhianta tuismitheoirí i leith sainmheon teanga scoile. Níl na sprioccheantair i próiseas na Roinne ag teacht i gcónaí leis na ceantair ina bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge, agus níl próiseas ann nó tacaíocht ar fáil ón Roinn do scoileanna gur mian leo sainmheon teanga a athrú go Gaeilge.

Maidir leis an 400 bunscoil ilchreidhmheach atá luaite mar sprioc ar mhaithe le rogha níos fearr a bheith ag tuismitheoirí, níl aon tagairt déanta den soláthar don oideachas lán-Ghaeilge laistigh den sprioc seo.

Níl aon tagairt déanta don bhféidearthacht go bhféadfaí scoil a fheidhmíonn trí Bhéarla a iompú ina scoil mheán Ghaeilge ach polasaí a bheith ag an Roinn ina leith a thacódh le bord bainistíochta na scoile agus pobal na scoile tabhairt faoi na céimeanna.

Fáiltítear roimh na spriocanna atá luaite sa mhír *Supporting Irish Language and Culture in Education* agus moltar ina leith:-

- Polasaí cuimsitheach do theagasc na Gaeilge suas tríd na leibhéil a bheith aitheanta mar thosaíocht chun comhordú a dhéanamh ar na snáithe éagsúla agus comhleanúnchas sa bhfís agus sna caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo a bheith ann.
- Maidir le dúbailt líon na ndaltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge – sainiú a dhéanamh ar cén chaoi a dhéanfaí sin – trí fás scoileanna reatha; forbairt scoileanna nua; tiontú scoileanna Béarla ina scoileanna lán-Ghaeilge; scoileanna satailíte srl.
- Moltar an tacaíocht bhreise do COGG
- Soláthar bunscoileanna agus iarbunscoileanna áit a bhfuil éileamh mór. Tá gá le sainmhíniú air seo agus polasaí ina leith.

- maidir le bunú *School Excellence Fund*, d'fháilteodh Gaeloideachas roimh an deis córas mar seo a fhorbairt agus a fheidhmiú i gcomhar leis an Roinn agus d'fháilteofaí roimh chóras a spreagann dea-chleachtais i bhfeidhmiú an tumoideachais ón naíonra go hiarbhunscoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta – ar a n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga nádúrtha chumarsáide na ndaltaí.